Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2020 (OR. en)**

**12386/20**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2020/0309(NLE)**

**WTO 293**
**COASI 128**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Deireadh Fómhair 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 678 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin i ndáil le leasú a dhéanamh ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 678 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 678 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2020
COM(2020) 678 final

2020/0309 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin i ndáil le leasú a dhéanamh ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gCinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, a cuireadh ar bun leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin i ndáil le Cinneadh ón gComhchoiste a bheartaítear a ghlacadh, Cinneadh a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin

Is é is aidhm don Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin ('an Comhaontú') trádáil agus infheistíocht a léirscaoileadh agus a éascú, agus caidreamh eacnamaíoch níos dlúithe idir na Páirtithe a chur chun cinn. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019.

### 2.2. An Comhchoiste

Le hAirteagal 22.1 (1) den Chomhaontú bunaítear an Comhchoiste ar a mbeidh ionadaithe ón dá Pháirtí. Le hAirteagal 22.1 (4), chun feidhmiú iomchuí éifeachtach an Chomhaontaithe a áirithiú, foráiltear 'go ndéanfaidh an Comhchoiste an méid seo a leanas:

(a) a rialacha nós imeachta a ghlacadh ag a chéad chruinniú; agus

(b) rialacha Nós Imeachta Painéil agus an Cód Iompair d'Eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 21.30 a ghlacadh ag a chéad chruinniú, chomh maith leis an Nós Imeachta Idirghabhála dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 21.6.'

De réir Airteagal 22.2 (3), is de chomhthoil a ghlacfar cinntí agus moltaí uile an Chomhchoiste.

### 2.3. Gníomh beartaithe an Chomhchoiste

Chun an fhorbairt a rinneadh sa tSeapáin agus san Aontas ó thaobh na rialála de maidir le cur chun feidhme rialacháin Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) a chur san áireamh, moltar go nglacfaidh an Comhchoiste cinneadh lena leasófar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C den Chomhaontú. Is é atá sna modhnuithe Rialacháin 53, 85, 145 agus 146 UNECE a chur isteach in Aguisín 2-C-1, agus Rialacháin 53 agus 85 UNECE a bhaint d'Aguisín 2-C-2.

Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 22.2 (1) den Chomhaontú, lena bhforáiltear: 'Féadfaidh an Comhchoiste cinntí a dhéanamh i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Chomhaontú seo. Beidh na cinntí a dhéanfar ina gceangal ar na Páirtithe. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá chun na cinntí a dhéanfar a chur chun feidhme.'

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste, a cuireadh ar bun leis an gComhaontú maidir le leasú a dhéanamh ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C den Chomhaontú.

Bunaithe ar an measúnú a rinne an chéad Mheitheal um Mótarfheithiclí agus um Páirteanna, shocraigh na Páirtithe d'aon intinn a mholadh don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh lena leasófar na haguisíní thuasluaite chun an dul chun cinn atá déanta sa phlé a rinne Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le cúrsaí rialála ón tráth a síníodh an Comhaontú a léiriú.

Dá ndéanfaí na rialacháin bhreise sin ó na Náisiúin Aontaithe a chuimsiú sna hAguisíní ábhartha, chuirfí leis an deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí eacnamaíocha maidir le creat rialála an chaidrimh trádála fabhraí idir na Páirtithe.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Áirítear ar na 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear orthu freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[1].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 22.2 den Chomhaontú.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíonfar ná ní leasófar creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) de CFAE bunús dlí nós imeachta an chinnidh atá á mholadh.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach le haghaidh an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

---

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá á mholadh.

### 4.3. Conclúid

Is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí an chinnidh atá á mholadh, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C den Chomhaontú le gníomh an Chomhchoiste, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0309 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin i ndáil le leasú a dhéanamh ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019[2].

(2) In Iarscríbhinn 2-C maidir le Mótarfheithiclí agus Páirteanna a ghabhann leis an gComhaontú, tá liosta Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe in Aguisín 2-C-1 arna gcur i bhfeidhm ag an dá Pháirtí agus in Aguisín 2-C-2 tá liosta Rialachán ó na Náisiúin Aontaithe arna gcur i bhfeidhm ag Páirtí amháin agus nár mheas an Páirtí eile fós.

(3) Ón tráth a síníodh an Comhaontú, agus mar thoradh ar an dul chun cinn a rinneadh sa phlé a rinne Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le cúrsaí rialála, tá Rialacháin bhreise ó na Náisiúin Aontaithe nár liostaíodh ar dtús in Aguisín 2-C-1 ná in Aguisín 2-C-2 á gcur i bhfeidhm ag na Páirtithe. Dá ndéanfaí na rialacháin bhreise sin ó na Náisiúin Aontaithe a chuimsiú sna hAguisíní ábhartha, chuirfí leis an deimhneacht dhlíthiúil d'oibreoirí eacnamaíocha maidir le creat rialála an chaidrimh trádála fabhraí idir na Páirtithe,

(4) De bhun Airteagal 23.2(3) agus Airteagal 23.2 (4)(b) den Chomhaontú, i gcomhréir le nósanna imeachta dlíthiúla baile na bPáirtithe féin, féadfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh chun Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d'Iarscríbhinn 2-C den Chomhaontú a leasú.

(5) Is ceanglas dlíthiúil é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos ós rud é go mbeidh cinneadh beartaithe an Chomhchoiste ina cheangal ar an Aontas.

(6) Leis an gCinneadh ón gComhchoiste leasófar an Comhaontú; dá bhrí sin is iomchuí an Cinneadh sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis don Chomhchoiste é a ghlacadh,

---

2 IO L 330, 27.12.2018, lgh. 1-2.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste maidir leis an leasú ar Aguisín 2-C-1 agus Aguisín 2-C-2 d’Iarscríbhinn 2-C den Chomhaontú.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 3*

Foilseofar cinneadh an Chomhchoiste in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*